Bunreacht an Chumainn Ghaelaigh

1. Ainm
Is é ainm an Chumainn "Cumann Gaelach an Choláiste, Ollscoil Átha Cliath". Glaofar "An Cumann" air sa bhunreacht seo.

2. Aidhmeanna
Is í príomhaidhm an Chumainn an Ghaeilge a fhorbairt sa Choláiste agus í a spreagadh i measc mhuintir an Choláiste. Chomh maith le sin, déanfaidh An Cumann gnéithe eile den chultúr dhúchasach a chogthú sa Choláiste trí mhéan na Gaeilge. Is é an Coiste a chaithfaidh socrú a dhéanamh maidir le conas a bhainfear amach na haidhmeanna seo. Mar sin, beidh cruinnithe, léachtanna, céilithe, turais agus araile go rialta i rith na scoilbhliana.

3. Ballraíocht
Tá cead ag gach aon bhall den Choláiste, idir mhic léinn, iarchéimithe agus foireann a bheith páirteach sa Chumann.

i. Socróidh an Coiste an costas ballraíochta taobh istigh dena teorainneacha leagtha síos ag Lár-Choiste na gCumann.
ii. Mairfidh an bhallraíocht go dtí Lá Samhna dár gcionn.
iii. Is féidir ballraíocht a bhaint de dhuine ar bith má tá tromlach na mball ag ollcruinniú ar a shon sin.
iv. Is féidir ballraíocht onórach a bhronnadh ar dhuine ar bith má tá tromlach na mball ag ollcruinniú ar a shon.

4. Uachtarán
Is féidir leis an gCumann Uachtarán agus suas go seisear Leas-Uachtarán a roghnú. Roghnófar iad ag Ollchruinniú agus beidh an gradam acu go dtí go n-éiríonn siad as, nó go dtí go mbaineann tromlach 66% de na baill ag Ollchruinniú eile de/di é. De ghnáth is ball sinsearach d'fhoireann Scoil na Gaeilge a bheidh mar uachtarán agus iar-bhaill nó cairde leis an gCumann a bheidh mar Leas-Uachtaráin.

5.i An Coiste
Beidh aon bhall déag ar an gCoiste. Seo iad na hoifigigh:

i. Reachtaire
ii. Leas-Reachtaire
iii. Rúnaí
iv. Cisteoir
v. Oifigeach Caidrimh Poiblí
vi. Oifigeach Cistiúcháin agus Urraíochta
vii. Oifigeach Riaracháin agus Teicneolaíochta Faisnéise
viii. Oifigeach Siamsaíochta agus Ceoil
ix. Oifigeach Foilsiúcháin
x. Oifigeach Drámaíochta
xi. Oifigeach Díospóireachta

5.ii Go mbeidh 3 oifigí agus oifeagach na chéad bhliana togha ag tús nab liana acadúla.

Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag an gCoiste gach seachtain. Beidh sé mar dualgas ag an Rúnaí dátaí na gcruinnithe a shocrú, ach is féidir le triúr ball den Choiste ceann a ghairm má thugann siad fógra trí lá. Beidh córam de cheathrar ball riachtanach chun cinneadh a dhéanamh,

agus má tharlaíonn sé go bhfuil vótaí an choiste roinnte go cothrom faoi aon rud, beidh an vóta réitigh ag an Reachtaire. Is féidir ball den choiste a bhaint den choiste má chailleann sé/sí dhá chruinniú i ndiaidh a chéile in aon téarma amháin, gan leithscéal rímhaith a bheith tugtha don Reachtaire nó don Rúnaí roimhréidh. Muna gceapann an Reachtaire nó an Rúnaí go bhfuil an leithscéal sách maith, is ag an gCoiste a bheith an vóta deireannach.

6. Ollchruinnithe

Beidh Ollchruinniú na Bliana ann i dTéarma na Féile Bríde ar lá a bheidh léachtaí ag na Dámha uilig. Cuirfidh an Coiste fógraí suas, ar a laghad trí lá roimhe, le hionad, le ham agus clár oibre an chruinnithe a chur in iúl do dhaoine. Caithfear a chur in iúl freisin go mbeidh toghcháin ar siúl. Ní féidir ballraíocht a bhaint amach sna trí lá roimh Ollchruinniú.

Beidh cead isteach chuig an gCruinniú ag mic léinn agus ag foireann an Choláiste uilig. Ní bheidh vóta ach ag gnáthbhaill an Chumainn, áfach.

Ag an gCruinniú, léifidh na hoifigigh a gcuid tuairiscí agus toghfar coiste úr. Riarfar an toghchán ar bhonn 'Vóta singil inaistrithe de réir chóras na hionadaíochta cionmhaire'. Caithfidh duine atá ag gahbáil san iomaíocht do phost ar bith a bheith molta ag beirt ghnáthbhall agus litir ainmniúcháin a thabhairt don Rúnaí roimh mheán lae ar lá an chruinnithe.

Is féidir leis an gCoiste, nó tríocha gnáthbhall, ollchruinniú éigeantach a ghairm, ach fógra trí lá a thabhairt agus fógraí a chrochadh thart ar an gColáiste, díreach cosúil le hollchruinniú na Bliana.

50 ball nó 33% den bhallraíocht, cibé acu is lú, a bheidh mar chóram ag Ollchruinniú.

7. An Comhchaidreamh

Is ball den Chomhchaidreamh é An Cumann. Toghfar ionadaí an Chumainn ar Choiste an Chomhchaidrimh ag Ollchruinniú na bliana.

8. An Cruinniú Tionscnaimh

Beidh díospóireacht poiblí ag an gCumann i rith an dara téarma ar a dtabharfar An Cruinniú Tionscnaimh. Léifidh an Reachtaire páipéar faoi ábhar polataíochta, sóisialta srl. ina bhfuil spéis aige/aici féin agus tabharfar cuireadh do dhaoine eile a bhaineann leis an ábhar teacht chun an páipéar a phlé.

9. Polaitíocht agus Creideamh

Cé gur féidir le baill an Chumainn a dtuairimí faoi pholaitíocht agus reiligiún a nochtadh ag cruinnithe den Chumann, ní féidir leis an gCumann féin a leithéid a dhéanamh agus ní bheidh ceangal ag an gCumann le páirtithe polaitíochta nó le creideamh ar leith.

10. Na hOifigigh

i. An Reachtaire

Beidh an Reachtaire i gceannas ar an gCumann agus beidh sé/sí freagrach don choiste. Is príomh urlabhraí an Chumainn é/í. (Féach (iv) thíos freisin.)

ii. Leas-Reachtaire

Mura mbeidh an Reachtaire in ann a dualgas a dhéanamh, beidh ar an Leas-Reachtaire post an reachtaire a dhéanamh (féach (i) thuas) go dtí go mbeidh an reachtaire in ann a dualgas a dhéanamh arís.

iii. An Rúnaí

Beidh an Rúnaí freagrach as comhfhreagras an Chumainn, agus beidh sé de chúram air/uirthi miontuairscí na gcruinnithe uilig a choinneáil, tuairisc na bliana a sholáthar do Lár-Choiste na gCumann agus cruinnithe a ghairm. Beidh sé/sí freagrach don choiste.

iv. An Cisteoir

Beidh an Cisteoir freagrach as seicleabhar an Chumainn, agus beidh sé de chúram air/uirthi táillí ballraíochta a chruinniú agus cuntais an Chumainn a choinneáil. Beidh sé de dhualgas air/uirthi gnáth gnó a dhéanamh le Lár-Choiste na gCumann m.sh. iarratais ar dheontais, agus na cuntais ag deireadh na blinana a sholáthar srl.

Beidh an Cisteoir agus an Reachtaire freagrach as airgead an Chumainn. Cé gur chóir go ndéanfadh an Coiste na cinnidh uilig le chéile, má tharlaíonn sé go dtéann an Coiste i gcoinne comhairle an Chisteora nó an Reachtaire faoi chúrsaí tábhachtacha airgid nó má théann an Coiste ar aghaidh le cúrsaí dá leighéid gan an Reachtaire nó an Cisteoir i láthair, glacfaidh an Reachtaire agus an Cisteoir leis an gcinneadh sin nó rachaidh siad i dteagmháil, gan mhoill, le Cisteoir Lár-Choiste na gCumann chun a rá leis nach bhfuil siad toilteanach glachadh leis. Sa chás sin beidh an Coiste freagrach as an airgead sin. Muna bhfuil ach oifigeach amháin as an mbeirt sin mí-shásta leis an gcinneadh, beidh an duine eile freagrach as go h-iomlán. Ní féidir leis an gCumann nó leis an gCoiste brú a chur ar oifigeach glacadh le cinneadh nach bhfuil sé féin sásta leis, cé gur féidir leo a iarraidh air/uirthi éirí as a p(h)ost. Sa chás sin, rachaidh an duine sin i dteagmháil le Lár-Choiste na gCumann gan mhoill.

Is féidir le Lár-Choiste na gCumann iarraidh ar an Reachtaire nó ar an gCisteoir nó ar aon bhall eile den Chumann teacht chun fianaise a thabhairt dóibh faoi airgead an Chumainn. Má shíleann an Lár-Choiste gur bhain aon duine mí-úsáid as airgead an Chumainn, is féidir leo iarraidh ar an Déan Sinsearach a fhógairt go bhfuil an duine sin i bhfiacha ag an gColáiste. Má tharlaíonn sin, thiocfadh leis an gColáiste cead a dhiúltú dó athchlárú an bhliain dár gcionn nó diúltú a chéim a bhronnadh air.

Críochnóidh an Cisteoir a chuid cuntas de réir rialacha Lár-Choiste na gCumann agus chomh luath agus is féidir i ndiaidh sin, socróidh sé go mbeidh iniúchadh cuntas curtha ar fáil, de réir riachtanas Lár-Choiste na gCumann, agus ansin bhéarfaidh sé cóipeanna do Choiste an Chumainn agus do Lár-Choiste na gCumann chun go nglacfadh siadsan leo mar chuntais bharantúla.

Beidh síniú aon bheirte den Reachtaire, den Chisteoir agus den Rúnaí ar gach seic agus ar gach foirm aistharraingthe ón mBanc de chuid an Chumainn.

v. An tOifigeach Caidrimh Phoiblí

Beidh an tO.C.P. freagrach as imeachtaí an Chumainn a fhógairt thart ar an gColáiste agus i measc na mball.

vi. An tOifigeach Cistiúcháin agus Urraíochta

Beidh sé mar dualgas ar an O.C.U. urraíocht agus cistiúchán a fháil, de réir rialacha an Choláiste agus Lár-Choiste na gCumann, ar son an Chumainn.

vii. An tOifigeach Riaracháin, Teichneoilíocht Faisnéise agus Griangreafadóieacht

Beidh an tOifigeach Riaracháin, teicneolaíochta faisnéise agus griangreafadóireacht i gceannas ar an suíomh idirlín, córas r-phoist, liosta na mball i bhformáid digiteach, liosta r-phoist na mball agus aon fhreastalaí ar a bhfuil siad óstáilte. Beidh air/uirthi sonraí na mball a choimeád agus a stóráil de réir An Achta um Chosaint Sonraí.

viii. An tOifigeach Siamsaíochta agus Ceoil

Beidh an tOifigeach Siamsaíochta agus Ceoil i gceannas ar cheol agus imeachtaí a shocrú don Chumann, go h-áirithe i rith Éigse na Tríonóide.

ix. An tOifigeach Foilsiúcháin

Beidh an tOifigeach Foilsiúcháin i gceannas ar fhoilseacháin an Chumainn.

x. An tOifigeach Drámaíochta

Beidh an tOifigeach Drámaíochta i gceannas ar drámaíocht sa Chumann.

xi. An tOifigeach Díospóireachta

Beidh an tOifigeach Díospóireachta i gceannas ar díospóireacht agus ar chomórtais díospóireachta sa Chumann.

xii. An Leabharlannaí

Togrófar ball den choiste chun gníomhú mar Leabharlannaí ag chéad chruinniú an Choiste. Beidh an Leabharlannaí i gceannas ar leabharlann an Chumainn. Beidh cead ag baill leabhair a fháil ar iasacht ón leabharlann ar feadh coicíse saor in aisce agus beidh cead acu iad a úsáid i seomra an Chumainn. Beidh an té a thógas leabhair ar iasacht freagrach as.

11. Leasú ar an mBunreacht

Is féidir le tromlach 66% de na baill ag ollchruinniú an Bunreacht a leasú. Caithfear fógairt, ar a laghad, lá roimh ré, go mbeidh leasú Bunreachta á phlé ag an Ollchruinniú sin. Caithfidh an té atá ag iarraidh leasú a mholadh, é a thabhairt don Rúnaí, ar a laghad, trí lá roimh an Ollchruinniú. Cuirfidh an Rúnaí in iúl do Lár-Choiste n gCumann gan mhoill é, dá nglacfaí leis an leasú a bhí molta.

12. Feidhm an Bhunreachta

Beidh an Bunreacht seo i bhfeidhm ón lá a nglacfar leis ag Ollcruinniú den Chumann agus ag cruinniú de Choiste Gnó Lár-Choiste na gCumann. Déanann an Coiste cinneadh faoi bhrí an Bhunreachta, ach is féidir le hOllcruinniú cinneadh den chinéal sin a athrú.

2.4.2013